

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhair thuarastail agus speansais an Údaráis Póilíneachta agus i gcomhair deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeónú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €844,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015. Tá sé comhdhéanta den Chathaoirleach agus d'ochtair comhaltáí.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta.

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas freisin:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh.
- comhlíonadh agus na hoibleagáidí reachtúla uile is infheidhme.
- an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta a thabhairt chun cuntais as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí.
- nithe a bhaineann le hiniúcháireacht, le rialachas agus le bainistíocht riosca.
- a chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme.
- plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh, agus.
- an tuarascáil bhliantúil ón Údarás a ullmhú.

Ghlac an tÚdarás an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2024. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil an Údaráis don bhliain 2023 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2024 freisin.

Ag teacht sna sála ar thuarascáil 2020 an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, síníodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (an tAcht), ina dhlí i mí Feabhra 2024. Foráiltear leis an Acht sin d'Údarás Póilíneachta agus Sábháilteacht Pobail nua a bhunú trí fheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána a chumasc. Tiocfaidh baill foirne an Údaráis Póilíneachta chun bheith mar bhaill

foirne an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail ar lá an bhunaithe. Go dtí go mbunófar é sin, áfach, ní bheidh aon athrú ann ar fheidhmeanna reachtúla agus formhaoirseachta reatha an Údaráis Póilíneachta.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclár 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcuimhdaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais don Údarás faoi chomhaontú seirbhíse. Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá freagracht ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus ar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus le seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bíom ag brath ar litreacha dearbhaithe ón mbeirt Oifigeach Cuntasaíochta go bhfeidhmítear córais chuí rialachais agus rialaithe inmheánaigh ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad don Údarás.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.

- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe míosúla tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Údarás le pearsanra atá oile go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa a gceadaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca í i gcomhairle leis an Oifigeach Cuntasaíochta. Mar gheall ar mhéid an Údaráis, tá an fheidhm sin seachfhoinsithe chuig gnólacht seirbhísí gairmiúla, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáthphróiseas atairisceana de réir nósanna imeachta soláthair. Treoraíonn anailís ar na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta orthu a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa soláthar agus i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus seirbhísí, lena n-áiríodh an costas a bhain le baill foirne a conraíodh isteach agus €801,000 san iomlán sa bhliain 2023.

Thug an tÚdarás mionsonraí faoi dhá chonradh neamhiomaíochas sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte i gcás gach conartha ba mhó ná €25,000 (gan CBL san áireamh) agus ní raibh aon chonarthaí neamhchomhlíontacha aige sa bhliain 2023.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas éifeachtach bainistíochta riosca ag an Údarás, rud lena ndéantar sainathint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe de réir a dtábhachta. Is doiciméad beo é an clár agus déanann an tÚdarás agus an Fhoireann Ardbhainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear an toradh ar na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2023 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

11 Márta 2024

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 an tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 41 an tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Póilíneachta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

7 Meitheamh 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachdata ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachdata ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní rátháilocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt ar calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaitnínm agus measúnaím rioscaí an mhírátis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachdata ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaitnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaitnínm aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Cuntas Leithreasa 2023

		2023	2022
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Formhaoirseacht neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	4,213	3,389
Ollchaiteachas		4,213	3,389
<i>Lúide</i>			
B	Leithreasaí-i-gcabhair	70	89
Glanchaiteachas		4,143	3,300

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Stáitchiste.

	2023	2022
	€	€
Barrachas le géilleadh	843,521	528,903

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

11 Márta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Riarachán – pá	2,397	2,430
Riarachán – neamhphá	992	969
Ollchaiteachas	3,389	3,399
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	89	72
Glanchaiteachas	3,300	3,327
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoín, gléasra agus trealamh</i>		
Dímheas (nóta 2.1)	6	
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
(Méadú) ar réamhíocaíochtaí	(7)	
Méadú ar speansais fhabhráithe	28	
	27	23
Caiteachas díreach	3,327	3,350
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	374	333
Glanhostas an chláir	3,701	3,683

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 41 a tabhaíodh in áit eile.

	2023	2022
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	10
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	258	259
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	5	6
Vóta 24 Díl agus Ceart	60	58
Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	51	—
	374	333

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	2.1	—	18
iomlán na sócmhainní seasta		—	18
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		113	99
Réamhíocaíochtaí	2.2	24	17
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.4	—	2
Iarmhéideanna dochair eile		2	1
iomlán na sócmhainní reatha		139	119
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		35	7
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	113	102
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.4	2	—
iomlán na ndlíteanas reatha		150	109
Glansócmhainní reatha		(11)	10
Glansócmhainní		(11)	28
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.5	(11)	28

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh ^a

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^b			
Ag an 1 Eanáir 2023	47	36	83
Breiseanna	—	—	—
Coigeartú ^a	(47)	(17)	(64)
Ag an 31 Nollaig 2023	—	19	19
Dímheas carntha			
Ag an 1 Eanáir 2023	32	33	65
Dímheas don bhliain	5	1	6
Coigeartú dímheasa ^c	(37)	(15)	(52)
Ag an 31 Nollaig 2023	—	19	19
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2023	—	—	—
Ag an 31 Nollaig 2022	15	3	18

- Nóta ^a Áirítear le costas nó luacháil i dtús na bliana agus ag deireadh na bliana aon sócmhainní a fuarthas ar chostas ba lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.
- ^b An 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha chuig Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)
- ^c Coigeartaíodh an figiúr chun sócmhainní a fuarthas ar chostas ba lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021 a chur as an áireamh.

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Riarachán	11	11
Tacaíocht bogearraí	13	6
	24	17

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	62	56
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	25	26
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	12	5
Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha	7	10
	106	97
Míreanna sochair eile ar fionraí	7	5
	113	102

2.4 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas	844	529
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(842)	(531)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2	(2)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	113	99
Iarmhéideanna dochair: fionraí	2	1
	115	100
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(106)	(97)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(7)	(5)
	(113)	(102)
	2	(2)

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		28	51
Eisiocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	4,143	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(843)	
Glanvóta		3,300	3,327
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	374	333
Coigeartú réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (coigeartú neamhairgid)	2.1	(12)	—
Glanchostas an chláir	1	(3,701)	(3,683)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		(11)	28

2.6 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Taighde	20	24
Soláthar earraí agus seirbhísí	94	29
	114	53

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: Formhaoirseacht neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

		2023	2022
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,679	2,397
ii	Taisteal agus cothú	70	34
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,090	778
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	25	22
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	154	102
vi	Costais áitribh oifige	115	56
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	80	—
		4,213	3,389
			3,399

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas fo-mhírinn ón tsuim a soláthraíodh (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.090 milliún; toradh €778,000

Áiríodh leis an soláthar meastacháin don bhliain 2023 €350,000 chun tionscadal um jabanailís agus samhaltú inniúlachta a dhéanamh do chéimeanna an Cheannfoirt, an Ard-Cheannfoirt agus an Choimisinéara Chunta sa Gharda Síochána. D'éirigh leis an Údarás an tionscadal suntasach sin a chur i gcrích faoi bhun an bhuiséid. Mar thoradh ar an toisc sin, i dteannta táillí dlí níos ísle agus gannchaitheamh buiséid mar gheall ar an moill ar an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail a bhunú, bhí gannchaitheamh €312,000 ann (2022: €404,000).

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2023		2022
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí		71	71
2	Ilghnéitheach	—	18	1
Iomlán		70	89	72

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon foirne ag deireadh na bliana	35	38

5.2 Pá

	2023 €000	2022 €000
Pá	2,166	2,193
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	7	11
ÁSPC an Fhostóra	224	226
Pá iomlán	2,397	2,430

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Sa bhliain 2023, bhí deichniúr comhaltaí san iomlán den Údarás ann, an Cathaoirleach san áireamh (2022: naonúr). Bhí 17 gcrúinniú iomlánacha san iomlán ag an Údarás (ar cuireadh sé cinn díobh ar siúl go poiblí) (2022: 14 chruinniú (ar cuireadh cúig cinn díobh ar siúl go poiblí)) agus cuireadh 16 chruinniú san iomlán de chuid fochoistí ar siúl (2022: 22 chruinniú).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €136,689 san iomlán le comhaltaí an Údaráis sa bhliain 2023 (2022: €142,490). B'ionann na speansais a íocadh le comhaltaí nó thar ceann comhaltaí sa bhliain 2023 agus €19,568 (2022: €7,412). Muirearaíodh na táillí agus speansais ar fho-mhírcheann A (iii) Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha.

5.4 Foireann an Údaráis de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid an Údaráis a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2023	2022
20,000	59,999	22	26
60,000	69,999	2	1
70,000	79,999	1	2
80,000	89,999	5	4
90,000	99,999	2	2
100,000	109,999	1	1
110,000	119,999	1	1
120,000	169,999	—	—
170,000	179,999	1	1

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh seachtar státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €30,863. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas.

	2023	2022
	€000	€000
Bunphá	<u>174</u>	<u>170</u>

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim pinsin iar-1995 d'fhostaithe neamhbhunaithe stáit agus ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.